**Leasú 101**
**Maria Spyraki**
thar ceann an Ghrúpa PPE
**João Albuquerque**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Jutta Paulus**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0271/2023**
**Maria Spyraki**
Aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán
(COM(2022)0748 – C9-0433/2022 – 2022/0432(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe b**
Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008
Airteagal 37 – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó úsáideoirí foghabhálacha substaintí togra a chur isteach chuig an nGníomhaireacht maidir le haicmiú comhchuibhithe agus lipéadú comhchuibhithe na substaintí sin agus, i gcás inarb iomchuí, sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí nó meastacháin ghéarthocsaineachta, ar choinníoll nach bhfuil aon iontráil i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI le haghaidh substaintí den sórt sin i ndáil leis an aicme ghuaise nó leis an difreáil a chumhdaítear leis an togra sin.***;*** | 2. Féadfaidh monaróirí, allmhaireoirí nó úsáideoirí foghabhálacha substaintí togra le haghaidh aicmiú comhchuibhithe agus lipéadú comhchuibhithe na substaintí sin agus, i gcás inarb iomchuí, sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí nó meastacháin ghéarthocsaineachta, ar choinníoll nach bhfuil aon iontráil i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI le haghaidh substaintí den sórt sin i ndáil leis an aicme ghuaise nó leis an difreáil a chumhdaítear leis an togra sin, a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta. ***I gcás togra le haghaidh aicmiú comhchuibhithe agus lipéadú comhchuibhithe grúpa substaintí, déanfar na substaintí sin a ghrúpáil le chéile bunaithe ar chritéir eolaíocha shoiléire (mar a shonraítear in Iarscríbhinn XI (1.5) a ghabhann leis an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán), lena n-áirítear cosúlacht struchtúrach agus leibhéil guaise fhianaisebhunaithe chomhchosúla.*** |

Or. en

**Leasú 102**
**Maria Spyraki**
thar ceann an Ghrúpa PPE
**João Albuquerque**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Anja Hazekamp**
thar ceann an Ghrúpa The Left
**Jutta Paulus**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE
**Martin Hojsík**
thar ceann an Ghrúpa Renew

**Tuarascáil** **A9-0271/2023**
**Maria Spyraki**
Aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán
(COM(2022)0748 – C9-0433/2022 – 2022/0432(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23**
Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008
Airteagal 48 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Cuirfear toirmeasc ar úsáid maíomh comhshaoil mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (o) de Threoir 2005/29/CE i ndáil le substaintí agus meascáin atá aicmithe mar shubstaintí agus meascáin ghuaiseacha mar gheall ar a n-airíonna só-ghineacha gaiméite, carcanaigineacha nó tocsaineacha don atáirgeadh, a n-airíonna réabtha inchrínigh maidir le sláinte an duine nó maidir leis an gcomhshaol, nó a n-airíonna marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha (PBT), a n-airíonna an-mharthanach agus an-bhithcharnach (vPvB), a n-airíonna marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha (PMT), nó a n-airíonna an-mharthanach agus an-soghluaiste (vPvM);*** |

Or. en

29.9.2023 A9-0271/103

**Leasú 103**
**Maria Spyraki**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0271/2023**
**Maria Spyraki**
Aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán
(COM(2022)0748 – C9-0433/2022 – 2022/0432(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe -1 (nua)**
Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008
Iarscríbhinn II – Cuid 3 – Roinn 3.1.1.1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1 i gCuid 3, leasaítear Roinn 3.1.1.1 mar a leanas:*** |
| 3.1.1.1**.**Maidir le pacáistiú den uile toilleadh ina bhfuil substaint nó meascán a sholáthraítear don phobal i gcoitinne, agus ar substaint nó meascán é atá aicmithe mar ghéarthocsaineach, catagóirí 1 go 3, le tocsaineacht sain-spriocorgáin (STOT) – aon nochtadh amháin i gcás chatagóir 1, STOT – ilnochtadh de chatagóir 1, ***nó*** le creimeadh craicinn de chatagóir 1, déanfar iad a fheistiú le ceanglóirí atá doscaoilte ag leanaí. | “Maidir le pacáistiú den uile toilleadh ina bhfuil substaint nó meascán a sholáthraítear don phobal i gcoitinne, agus ar substaint nó meascán é atá aicmithe maidir le géarthocsaineacht, catagóirí 1 go 3, le tocsaineacht sain-spriocorgáin (STOT) – aon nochtadh amháin i gcás chatagóir 1, STOT – ilnochtadh de chatagóir 1, creimeadh craicinn de chatagóir 1***, nó damáiste tromchúiseach don tsúil de chatagóir 1 lena ngabhann pH ≤ 2 nó pH ≥ 11,5***, déanfar iad a fheistiú le ceanglóirí atá doscaoilte ag leanaí." |

Or. en

*(Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) 1272/2008 – Cuid 3 – Roinn 3.1.1.1)*